Mithidh th'athdhúsgadh, a Aodh
[NLI G 167,164]
[see 'A Poem Book of the O'Donnells', Tomás Ó Cléirigh, *Éigse* 1 (1939) 51-61, 130-42; poem 48]
Uilliam Og [Mac an Bhaird] bheós do chum so don fhior cheadna.
[Deibhidhe, Dán Díreach]

1 Mithidh th'athdhúsgadh a Aodh
féch trath thort ar gach entaobh
nach nár libh innel an fhuinn
sibh i n-immeal chlair Conuill.

2 Gabh iomad éir[i]gh(e) a-mach
córa dhuit colladh corrach
an clar oraibh da egra [leg. eagar?]
tobhaigh madh áil th'airleagadh.

3 Eirigh tráth tógaibh do cheann
daingnidh do dhoire gérrean
nocht do rélta móir meirgi
ar [leg. as?] cóir denta díbheirgi.

4 Ni as faide na bi i mbriocht [leg. mbrios?]
srol maoth far mheinic aithios
a chlódh as gad im ghaineamh
lór a fhad gur hosgailedh.

5 A mh[e]ic Mághnais ni modh linn
a fhad a-taoi in bhar ttoirrchim
a chrithir do chaoir curadh
dhaoibh as mithidh músgaladh.

6 Mairg tug le gríosadh do ghruadh
oraibh éirghe as do chédsuain
a chraobh dar ccoill-ne as fosgadh
mas doilghi a Aodh th'athmhosgladh.

7 Acht go ccluine a ccanaim ruibh
ge trom do thoirrchim coduil
an úaisli bhéraidh bedhgadh
geabhaidh uaim-si an t-imdheargadh.

8 An aithne dhuit dáil na ccon
a Aodh na heisd red bhrosdadh
feirrde cú maith a máoidheamh
ni maith clú gan craobhsgaoileadh.

9 Biaidh fad thoirrchim re treimsi [165]
da ccluintéa-sa a ccluinim-si
do ghruadh ar ghné na corcra
suan mar é ni hionmholta.

10 Do budh mó na mithidh dhuit
a mheic Mághnais mhúir Cormbaic
musgladh as bhar ttoirrchim trom
brosdadh it oirchill agom.

11 Aicme Cheallaigh Chláir Mhaine
is saorchlann Bhriain Bhóraimhe

decair tocht uadh go hiomlán
fád shuan ort ag aithiomrádh.
12 Síol nGearailt na ngruadh solus
os libh iad gan amhorus
beir beadg as do shásadh suain
fásadh th’fearg et th’anbhuain.
13 On cco[d]lladh trom-sa a-tá ort
fine Ruairc, rioghradh Connocht
guais nach biadh ot bharr coduil
sa[n] rann riamh a rabhadar.
14 Ni as faide na biodh do bháidh
re siol Neill nós an leamháin
cuir an t-each ar bhar n-aghaidh
do leth don fhuil Eóghanaidh.
15 Do-chuala ar Chonn mac Úna
sgél as ádhbhar iontnúdha
fa bhrosdadh druadh mar do dhligh
fa thuar cosga(i)r don Choinn-sin.
16 D’ionnsaigheadh Cuinn cian o shoin
tig file Feilim Reachtmhair
turus do uaisligh fonn Fáil
Conn an uair-sin ag iomáin.
17 “Creid uaim a n-innisim dhaoibh
gén go n-aithne mé a mhacáoimh
acc so an té or sloinneadh sinn
as mé dob ollamh d’Féilim.”
18 “Mo ghríosadh as gabhtha dhuit
a Chuinn na ccéimeann n-orrdhuirc
as diombaidh ar mbuaidh do bheith
do-chuaidh an iomain d’éinleith.”
19 “Dhuit as córa clár Temra
da ttuigthea as dál dóimhenma
a bhranain Temhra na ttreabh
gabhail sealbha bhar sinnsear.”
20 “Na fuilng(e)[i]dh flaithes Temhra [166]
ag féin Laighen loinnearrdha
drong ionáigh as férr d’faltaibh
tionail it chenn Connachtaicch.”
21 Comhairle do chan an fádh:
“tabhair ar cholg do chomán
le ferrdhacht gabhaidh an gort
tabhair leanbhdacht ar laochdhacht.”
22 Tonn mhenma san macaomh óg
do chuir comhrádh an druadh-ód
gur bhuail fonn Temhra nir thill
a thonn mhenma mar mhínlinn.
23 Temhair Chobhthaigh cúirt a shean
Conn tre chomhairle an fhileadh
ina seilbh fa a tuairim téid

mar luadhail leinbh a leithéid.
24 Táinic do thegasg an druadh
’s do Chonall Cruachan crannrúadh
tachar Cuinn re Cathaoir Mór
do thuill tatháoir da thromshlógh.
25 Fódla na bfiodhbhadh sgathach
mar do fhóir Conn Cédchathach
a ghéag tharaidh do chrú Cuinn
da cabhair as tú as tualuing.
26 Cosmhuil a Aodh th’aignedh grinn
re cheile is Conn mac Féilim
re a amhsaibh i n-ucht faghla
cosmhuil do lucht leanamhna.
27 Uaim a Aodh mar as eol dam
cred nach geabhtha do ghríosadh
dóigh lem damadh sine sinn
nacharb feárr file Féilim.
28 Tuig a Aodh a n-abruim ruibh
dob é adhbhar ar n-urchuir
neimhshén cosga(i)r ris an ccloinn
fa bhrosdadh chenél cConoill.
29 Róimh ni rangadar a leas
a mbrosdadh d’fuighlibh éicceas
ord gaisgidh i bfiadh Fánád
riamh fasgín a bfíornámhad.
30 Iomdha ag laochraidh leithe Cuinn
dhíot ar ndenamh I Dhomhnaill
da gach taoibh oir[i]chil(l) ort
as roimhithidh dhaoibh dusocht.
31 Na treig clú cennais fedhma [167]
’na shúan ni thig tigherna
treig súantathamh et síth
léig(h) ar chuartachadh coigcríoch.
32 Gurab duille as dion duit-si
dhaoibh gurab fleadh fíoruisge
fúibh narab leaba lúighe
leaba clúimh no choilcthíghe.
33 On tráth fa n-éireocha Áodh
as terc duine acht a dhearbhgháol
sluagh Gaoidheal os da lúadh linn
aoinfhear ’na shuan ni shaoilim.
34 Fáth a shuain cuirfead a cceill
geabhad leithsgél i leithNéill
ciall toirrchim fhada í Earca
oirchill aige ar fháidheachtra.
35 Tre mhac Síubhain slat os coill
da bfiucha fíonfhuil Conuill
tuar coinghleaca re cloinn Neill
na croinn oirdherca a haonfhéimh.

36 Griosadh Aodha ar aithris Cuinn
ithir uasal chlann cConuill
síol ni fhuil isin ithir
don fhuil riogh as romhithidh. Mithidh...